2024/363

22.1.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/363 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Deireadh Fómhair 2023

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 a mhéid a bhaineann leis an aistriú go tagarmharcanna TONA agus SOFR a ndéantar tagairt dóibh i gconarthaí díorthach áirithe thar an gcuntar

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]), agus go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 5(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 ón gCoimisiún ([2]), sonraítear, i measc nithe eile, tacar aicmí díorthach ráta úis thar an gcuntar (OTC) atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh. Leasaíodh Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/750 ón gCoimisiún ([3]) a mhéid a bhaineann leis an tacar aicmí díorthach ráta úis thar an gcuntar a ainmnítear in Euro (EUR), Punt Steirling (GBP), Yen na Seapáine (JPY) agus Dollar na Stát Aontaithe (USD) atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh. Leis an athrú sin ar raon feidhme na n-aicmí atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh léirítear an t-aistriú chuig tagarmharcanna nua dá dtagraítear i ndíorthaigh thar an gcuntar, ag imeacht ó thagairt a dhéanamh do thagarmharcanna an Mheáninnéacs Euro Thar Oíche (EONIA) agus Ráta Tairgthe Idirbhainc Londan (LIBOR) agus tagairt a dhéanamh ina ionad sin do rátaí nua saor ó riosca, toisc nár chomhlíon roinnt aicmí a thuilleadh na critéir atá fíor-riachtanach chun iad a chur faoi réir na hoibleagáide imréitigh agus gur thosaigh aicmí nua ag comhlíonadh na gcritéar sin.

(2) Chuir Riarthóir Tagarmharcanna ICE, riarthóir LIBOR, in iúl go dtiocfadh deireadh le JPY LIBOR agus socruithe áirithe USD LIBOR i ndeireadh 2021 freisin, ach go dtiocfadh deireadh le foilsiú na socruithe uile USD LIBOR atá fágtha i mí an Mheithimh 2023. Ina theannta sin, d'eisigh an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach ina cháil maidir le maoirseacht bhaincéireachta (Maoirseacht Bhaincéireachta BCE), an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), ráiteas comhpháirteach chun a mholadh go láidir do chontrapháirtithe éirí as aon cheann de shocruithe LIBOR, lena n-áirítear USD LIBOR, a úsáid mar ráta tagartha i gconarthaí nua faoin 31 Nollaig 2021. Ón 1 Eanáir 2022, ní féidir le contrapháirtithe, dá bhrí sin, díorthaigh ráta úis thar an gcuntar a dhéanamh a thuilleadh a thagraíonn do JPY LIBOR toisc go bhfuil deireadh tagtha leis an tagarmharc sin agus meastar nach ndéanfaidh contrapháirtithe díorthaigh ráta úis thar an gcuntar a thagraíonn do USD LIBOR a thuilleadh.

(3) Tá obair ar bun ag rialtóirí agus ag rannpháirtithe sa mhargadh ar rátaí ionadaithe le haghaidh na n-airgeadraí sin, agus go háirithe ar rátaí nua saor ó riosca a fhorbairt, ar rátaí iad atá in úsáid anois mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais. Go sonrach, déantar na rátaí saor ó riosca, an Ráta Urraithe Maoinithe Thar Oíche (SOFR) agus an Meáninnéacs Thóiceo Thar Oíche (TONA), a tháirgeadh le haghaidh USD agus JPY faoi seach. Maidir leis an margadh díorthach thar an gcuntar go sonrach, tá conarthaí díorthach ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear do SOFR agus TONA á dtrádáil ag contrapháirtithe agus á n-imréiteach ag contrapháirtithe lárnacha áirithe.

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na hoibleagáide imréitigh (IO L 314, 1.12.2015, lch. 13).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/750 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 a mhéid a bhaineann leis an aistriú go tagarmharcanna nua a ndéantar tagairt dóibh i gconarthaí díorthach áirithe thar an gcuntar (IO L 138, 17.5.2022, lch. 6).

(4) Tugadh fógra do ESMA faoi na haicmí díorthach ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear do SOFR nó TONA a bhfuil údarú ag contrapháirtithe lárnacha áirithe iad a imréiteach. I gcás gach ceann de na haicmí sin, tá measúnú déanta ag ESMA arís ar na critéir atá fíor-riachtanach chun iad a chur faoi réir na hoibleagáide imréitigh, lena n-áirítear an leibhéal caighdeánaithe, an méid agus an leachtacht, agus infhaighteacht faisnéise praghsála. Agus laghdú rioscaí sistéamacha ina chuspóir uileghabhálach, tá cinneadh déanta ag ESMA maidir leis na haicmí sin de dhíorthaigh ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear do na rátaí saor ó riosca sin gur cheart dóibh a bheith faoi réir na hoibleagáide imréitigh anois i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Ba cheart, dá bhrí sin, na haicmí sin a áireamh i raon feidhme na hoibleagáide imréitigh.

(5) Go ginearálta, tá tréimhsí difriúla ama de dhíth ar chontrapháirtithe difriúla chun na socruithe is gá a chur i bhfeidhm chun tosú ar a gcuid díorthach ráta úis thar an gcuntar a imréiteach faoi réir na hoibleagáide imréitigh. Sa chás sin, áfach, bhí am ag na contrapháirtithe ullmhú don aistriú tagarmharcanna, lena n-áirítear scor JPY LIBOR a tharla i ndeireadh 2021 nó an scor atá beartaithe d'fhormhór shocruithe USD LIBOR atá beartaithe do mhí an Mheithimh 2023, lena n-áirítear i ndáil lena socruithe imréitigh. I gcás contrapháirtithe atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh cheana agus atá ag imréiteach díorthach ráta úis thar an gcuntar a ainmnítear in JPY nó in USD, ní bheidh gá le hathruithe móra, nó ní bheidh gá le haon athrú, ar a gconarthaí imréitigh nó ar a bpróisis imréitigh chun na haicmí nua lena dtagraítear do na rátaí saor ó riosca in JPY nó USD a imréiteach. Go deimhin, i gcás ina bhfuil socruithe imréitigh i bhfeidhm ag contrapháirtithe chun díorthaigh ráta úis thar an gcuntar a ainmnítear in JPY a imréiteach, ní gá, chun díorthaigh ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear don ráta saor ó riosca san airgeadra sin a imréiteach, socruithe imréitigh úrnua a bhunú agus a chur chun feidhme, faoi mar ba ghá nuair a thosaigh siad ag imréiteach na ndíorthach ráta úis thar an gcuntar a ainmnítear san airgeadra sin ar dtús. Ina theannta sin, i gcás contrapháirtithe a raibh socruithe imréitigh i bhfeidhm acu chun díorthaigh ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear do SOFR a imréiteach, toisc go bhfuil aicmí babhtálacha innéacsanna thar oíche SOFR d'aibíochtaí suas le 3 bliana faoi raon feidhme na hoibleagáide imréitigh cheana, ní gá socruithe imréitigh úrnua a bhunú agus a chur chun feidhme chun díorthaigh ráta úis thar an gcuntar lena dtagraítear do SOFR le haghaidh aibíochtaí níos faide a imréiteach. Ní gá céimniú isteach breise a thabhairt isteach chun a áirithiú go gcuirfear an oibleagáid sin chun feidhme go hordúil agus go tráthúil. Na hathruithe a rinneadh chun na haicmí nua díorthach ráta úis thar an gcuntar a thabhairt isteach lena dtagraítear do na rátaí saor ó riosca agus a ainmnítear in JPY agus USD, ba cheart go mbeadh feidhm acu ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 a leasú dá réir sin.

(7) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ESMA atá an Rialachán seo bunaithe.

(8) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ESMA maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus chuaigh sé i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear isteach an mhír 1c seo a leanas:

'1c. De mhaolú ar mhír 1, agus gan conarthaí dá dtagraítear i mír 1b a eisiamh, maidir le conarthaí a bhaineann le haicme díorthach thar an gcuntar a leagtar amach san Iarscríbhinn i rónna E.4.1 agus E.4.2 de Thábla 4, gabhfaidh éifeacht leis an oibleagáid imréitigh le haghaidh na gconarthaí sin an 11 Feabhra 2024.';

(2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinna ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205, leasaítear tábla 4 mar a leanas:

(1) scriostar an ró d'iontráil D.4.3;

(2) cuirtear isteach na sraitheanna seo a leanas d'iontrálacha E.4.1 agus E.4.2:

'E.4.1	OIS	SOFR	USD	7D-50Y	Airgeadra aonair	Gan rogh-naíocht	Seasmhach nó athraitheach
E.4.2	OIS	TONA	JPY	7D-30Y	Airgeadra aonair	Gan rogh-naíocht	Seasmhach nó athraitheach'